Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13948/18**

**CULT 137**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13886/18 CULT 132 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre don Chultúr 2019-2022<br>*- Glacadh* |

Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 14 Samhain 2018, thug Coiste na mBuanionadaithe dá aire go raibh comhaontú d'aontoil anois ann maidir leis na conclúidí thuas ón gComhairle[1].

Iarrtar ar an gComhairle, dá réir sin, na Conclúidí a ghlacadh ar bhonn an téacs atá i gceangal leis seo agus é a chur ar aghaidh lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

[1] Chuir toscaireacht **DE** in iúl go bhfuil rún aici ráiteas a chur isteach i miontuairiscí na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

# Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre don Chultúr 2019-2022

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh,

I bhFIANAISE AN MHÉID SEO A LEANAS

- Dearbhú na Róimhe ó cheannairí an Aontais, Cruinniú Mullaigh Göteborg agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach[2] ina n-aithnítear an príomhról atá ag an gcultúr i ndáil le sochaithe cuimsitheacha comhtháite a thógáil agus iomaíochas na hEorpa a chothú;
- forbairtí leanúnacha amhail an t-aistriú digiteach, an domhandú, éagsúlacht shochaíoch mhéadaitheach agus timpeallachtaí oibre atá ag athrú, agus a riachtanaí atá sé déileáil leis na deiseanna agus leis na dúshláin sin trí iarrachtaí comhpháirteacha sa bheartas cultúrtha;

agus an méid seo a leanas á ADMHÁIL aici:

- na pleananna oibre don chultúr a bhí ag an gComhairle roimhe seo agus na torthaí a baineadh amach;
- an Clár Oibre nua Eorpach don Chultúr[3] a thíolaic an Coimisiún Eorpach i mí na Bealtaine 2018 ina sainmhínítear trí chuspóir straitéiseacha:
  - leas a bhaint as cumhacht an chultúir agus na héagsúlachta cultúrtha do chomhtháthú sóisialta agus d'fholláine shóisialta trí rannpháirtíocht chultúrtha, soghluaisteacht ealaíontóirí agus cosaint na hoidhreachta a chur chun cinn;
  - borradh a chur faoi phoist agus faoin bhfás san earnáil chultúrtha agus san earnáil chruthaitheach trí na healaíona agus an cultúr a chothú san oideachas, agus na scileanna ábhartha á gcur chun cinn agus an nuálaíocht a spreagadh sa chultúr;
  - an caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a neartú agus lántairbhe a bhaint as acmhainneacht an chultúir chun forbairt inbhuanaithe agus síocháin a chothú;

2 EUCO 19/1/17 REV 1
3 COM(2018) 267 final

AG MEABHRÚ DI

- Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 lenar cuireadh go mór le feasacht an phobail agus leis an bhfeasacht pholaitiúil faoin gcultúr agus faoin oidhreacht san Eoraip, agus an tábhacht a bhaineann leis an móiminteam sin a thabhairt ar aghaidh chun lántairbhe a bhaint as luach sóisialta eacnamaíoch an chultúir don Eoraip;
- an tábhacht a bhaineann le sineirgí faoi chláir agus cistí ábhartha uile an Aontais, go háirithe i réimsí an chultúir, an oideachais, an taighde, an digitithe agus na forbartha réigiúnaí agus uirbí, d'fhonn beartais chultúrtha a chur chun cinn san Eoraip;
- na príomhthagairtí polaitiúla mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na conclúidí seo;

AONTAÍONN SÍ

agus é mar aidhm ionstraim straitéiseach dhinimiciúil a bheith ann lena dtabharfar aghaidh ar fhorbairtí polaitiúla reatha, lena gcuirfear prionsabail shoiléire i bhfeidhm agus lena socrófar tosaíochtaí spriocdhírithe lena ngabhann cur chun feidhme comhsheasmhach, chun Plean Oibre don Chultúr do na blianta 2019 go 2022 a bhunú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí seo, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta agus ar phrionsabal na comhréireachta.

IARRANN SÍ

ar an gCoimisiún meastóireacht mheántéarma ar an bPlean Oibre agus tuarascáil dheiridh ar a chur chun feidhme a ghlacadh, bunaithe ar rannchuidithe deonacha i scríbhinn ó na Ballstáit, faoi Mheitheamh 2022. I bhfianaise na tuarascála sin, féadfaidh Uachtaránacht na Comhairle féachaint faoi Phlean Oibre nua don Chultúr a mholadh don tréimhse ina dhiaidh sin.

## I. TREOIRPHRIONSABAIL

Tá an Plean Oibre don Chultúr bunaithe ar na treoirphrionsabail seo a leanas:

- Tá luach intreach ag an gcultúr.
- Cuidíonn an cultúr le forbairt shóisialta eacnamaíoch inbhuanaithe.
- Is príomhshócmhainn de chuid an Aontais Eorpaigh í an éagsúlacht chultúrtha agus teanga agus tá a cosaint agus a cur chun cinn fite fuaite leis an mbeartas cultúrtha ar an leibhéal Eorpach.
- Éilíonn príomhshruthú cultúrtha cur chuige iomlánaíoch cothrománach maidir le reachtaíocht, le maoiniú agus le comhar trasearnála.
- Cruthaítear sineirgí agus eascraíonn torthaí níos fearr as idirphlé rialta idir na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus an tsochaí shibhialta mar aon le comhar téamach le heagraíochtaí idirnáisiúnta.
- Éilíonn rialachas níos fearr freagrachtaí soiléire agus rannpháirtíocht ó na gníomhaithe go léir lena mbaineann.
- Tá sé riachtanach go ndéanfadh Uachtaránacht na Comhairle faireachán rialta chun taifead a choinneáil ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí.
- Is ríthábhachtach go mbeadh an Plean Oibre don Chultúr solúbtha ionas go mbeifear in ann freagairt do thimpeallacht bheartais atá ag athrú.

## II. TOSAÍOCHTAÍ

Roghnaíonn an Chomhairle na tosaíochtaí seo a leanas i bhfianaise an mhéid a rannchuidíonn siad le héagsúlacht chultúrtha, mar gheall ar a mbreisluach Eorpach agus ar an ngá le gníomhaíocht chomhpháirteach:

A. Inbhuanaitheacht san oidhreacht chultúrtha

B. Comhtháthú agus folláine

C. Éiceachóras a thacaíonn le healaíontóirí, le gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha agus le hábhar Eorpach

D. Comhionannas inscne

E. Caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta

Is saincheisteanna tábhachtacha cothrománacha iad digitiú agus staidreamh cultúrtha agus cuirfear san áireamh iad dá réir sin. Cruthaítear deiseanna nua nuálacha do na healaíona agus don chultúr leis an digitiú ó thaobh rochtana, léirithe, caomhnaithe, scaipthe agus tomhaltais de. Tá staidreamh cultúrtha ríthábhachtach do cheapadh beartais fianaisebhunaithe ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta. Is féidir treochtaí a aithint agus beartais fhónta a dhearadh trí staidreamh cultúrtha inchomparáide iontaofa a tháirgeadh de réir a chéile.

Thairis sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar shineirgí idir na tosaíochtaí.

**A. Inbhuanaitheacht san oidhreacht chultúrtha**

Tá léiriú san oidhreacht chultúrtha ar éagsúlacht chultúrtha a tugadh ar aghaidh ó na glúine a tháinig romhainn agus is acmhainn í freisin ar mhaithe le forbairt chultúrtha, shóisialta, comhshaoil agus eacnamaíoch inbhuanaithe san Eoraip. Is príomhréimsí iad caomhnú, cosaint agus coimirciú, taighde, gníomhaíochtaí oideachais agus aistriú eolais, maoiniú, rialachas rannpháirteach agus léirmhíniú comhaimseartha a rachaidh cur chuige straitéiseach cuimsitheach chun tairbhe dóibh. Le linn Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 tionóladh roinnt mhaith gníomhaíochtaí éagsúla ar fud na hEorpa. D'fhonn a áirithiú go mbeadh tionchar ag an mbliain sin ní mór bearta leantacha agus gníomhaíochtaí príomhshruthaithe a fhorbairt, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta don Oidhreacht Chultúrtha ón gCoimisiún. Ba cheart an obair a dhéanann comhordaitheoirí náisiúnta na Bliana Eorpaí a chur san áireamh freisin.

## B. Comhtháthú agus folláine

Trí rochtain ar chultúr agus rannpháirtíocht sa saol cultúrtha cuirtear cumhachtú aonair, feasacht dhaonlathach agus comhtháthú sóisialta chun cinn trí mhalartuithe le daoine eile agus rannpháirtíocht shibhialta. Tá tuiscint níos fearr ar lucht éisteachta/féachana éagsúil ag teastáil mar gheall ar athruithe ar iompraíocht úsáideoirí mar thoradh ar an digitiú, aosú agus sochaithe atá éagsúil ó thaobh cultúir de. Is gá díriú níos mó ar ábhair spéise agus ar riachtanais grúpaí sainiúla amhail daoine óga, daoine aosta, daoine faoi mhíchumas, daoine de bhunadh imirceach agus daoine atá ag maireachtáil sa bhochtaineacht nó i ndíth maoine. Is sócmhainn iad teicneolaíochtaí digiteacha chun lucht éisteachta/féachana a fhorbairt agus le haghaidh modhanna nuálacha rannpháirtíochta. Tá tionchar suntasach ag comhar trasearnála le réimsí eile amhail oideachas, cúram sóisialta, cúram sláinte, eolaíocht agus teicneolaíocht agus forbairt réigiúnach agus uirbeach ar chomhtháthú agus ar fholláine. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ról an chultúir ar an leibhéal áitiúil, ar cháilíocht an bhonnstruchtúir agus na timpeallachta maireachtála agus ar nuálaíochtaí sóisialta cultúr-threoraithe lena rannchuidítear le forbairt cathracha agus réigiún ar fud an Aontais.

## C. Éiceachóras a thacaíonn le healaíontóirí, le gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha agus le hábhar Eorpach

Tá dlúthnasc idir an tsaoirse ealaíne agus dálaí sóisialta agus eacnamaíocha gairmithe agus institiúidí cultúrtha. Is iad atá mar shaintréithe ag earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha na hEorpa an fhéinfhostaíocht, fiontair bheaga agus micrifhiontair agus an éagsúlacht chultúrtha agus teanga. De ghnáth, bíonn gairmeacha tionscadalbhunaithe agus leibhéal ard soghluaisteachta ag ealaíontóirí agus ag gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha agus is minic a bhíonn ioncam neamhrialta nach bhféadfaí a thuar acu agus poist iomadúla chun a mbeatha a shaothrú. Ealaíontóirí agus cruthaitheoirí aonair agus institiúidí beaga cultúrtha, a bhfuil a gcruthú luacha bunaithe den chuid is mó ar shócmhainní doláimhsithe, amhail smaointe bunaidh, fios gnó agus an chruthaitheacht, is iad a spreagann an nuálaíocht. D'fhonn iomaíochas na hEorpa a mhéadú agus an nuálaíocht a spreagadh, ní mór don Eoraip cur lena sócmhainní cruthaitheacha agus cultúrtha. Is saincheisteanna lena mbaineann tábhacht shonrach don taighde agus do mhalartú ar an leibhéal Eorpach iad soghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, scaipeadh agus aistriú ábhair Eorpaigh, oiliúint agus forbairt tallainne, íocaíocht chothrom agus dálaí oibre cothroma, rochtain ar mhaoiniú agus comhar trasteorann.

**D. Comhionannas inscne**

Is colún den éagsúlacht chultúrtha é comhionannas inscne. Tá príomhról ag an gcultúr i ndáil le dul i ngleic le steiréitíopaí agus athruithe sochaíocha a chur chun cinn. Ach fós féin, tá bearnaí inscne trasnacha i mbeagnach na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha go léir. Tá níos lú rochtana ag na mná mar ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha ar acmhainní cruthaithe agus táirgthe, íoctar i bhfad níos lú leo ná mar a íoctar leis na fir go ginearálta agus bíonn níos lú ban ná fir i róil cheannaireachta agus i bpoist chinnteoireachta agus ar an margadh ealaíne. Ní foláir an éagothromaíocht sin a aithint agus ní foláir aghaidh a thabhairt uirthi le beartais shonracha agus le bearta sonracha. D'fhonn feasacht a ardú ar an leibhéal polaitiúil agus riaracháin agus laistigh de na hearnálacha difriúla, tá gá le sonraí cuimsitheacha agus le dea-chleachtas a mhalartú.

**E. Caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta**

Ag cur leis an smaoineamh gur luach atá sa chultúr ann féin, ba cheart go neartófaí le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta an Aontais feasacht faoin ról ríthábhachtach atá ag an gcultúr agus faoi na héifeachtaí dearfacha socheacnamaíocha a bhaineann leis, lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha agus ar dhúshláin thábhachtacha ar an leibhéal domhanda. Tá sé riachtanach cur chuige straitéiseach céim ar chéim a leanúint i ndáil leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh lena chur chun feidhme ina dhiaidh sin. Ba cheart go mbeadh dearcadh ón mbun aníos lena spreagfaí teagmháil idir daoine i gceist leis an gcur chuige sin agus ba cheart go gcuirfí idirphlé idirchultúrtha chun cinn. Ní foláir comhlántacht iomlán le gníomhaíochtaí na mBallstát agus le gníomhaíochtaí a dhéanann Comhairle na hEorpa agus UNESCO a áirithiú.

## III. CUR CHUN FEIDHME

Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún obair i gcomhar le chéile ar thosaíochtaí an Phlean Oibre don Chultúr a chuirtear chun feidhme le clár oibre rollach dinimiciúil mar a leagtar amach i gCaibidil IV agus in Iarscríbhinn A. Éilíonn an Plean Oibre don Chultúr faireachán ó Uachtaránacht na Comhairle agus, más gá, féadfaidh an Chomhairle é a choigeartú i bhfianaise na dtorthaí a bhainfear amach agus/nó forbairtí beartais ar an leibhéal Eorpach.

Tugtar aghaidh ar ábhair i ngach réimse tosaíochta i roinnt céimeanna, agus modhanna oibre iomchuí á gcur i bhfeidhm. Cuireann an Coimisiún, an Chomhairle, Uachtaránacht na Comhairle nó Ballstát leasmhar eile gach céim chun feidhme.

Is féidir na modhanna oibre seo a leanas, i measc eile, a chur i bhfeidhm: an Modh Oscailte Comhordúcháin (MOC), grúpaí saineolaithe *ad hoc* nó grúpaí saineolaithe a bhíonn faoi stiúir an Choimisiúin, gníomhaíochtaí piarfhoghlama, staidéir, comhdhálacha, seimineáir stocáirimh, Fóram Chultúr na hEorpa, idirphlé leis an tsochaí shibhialta, treoirthionscadail, tionscnaimh chomhpháirteacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta, conclúidí ón gComhairle agus cruinnithe neamhfhoirmiúla d'oifigigh ó aireachtaí an chultúir agus, más iomchuí, ó aireachtaí eile.

Leagtar amach na prionsabail a bhaineann le ballraíocht agus le feidhmiú ghrúpaí MOC in Iarscríbhinn B.

Spreagtar na Ballstáit agus an Coimisiún torthaí an Phlean Oibre don Chultúr a scaipeadh go fairsing agus iad a chur san áireamh i gcás inarb iomchuí agus beartais á bhforbairt ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta.

## IV. GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Maidir leis na tosaíochtaí agus leis na modhanna oibre a ndéantar cur síos orthu i gCaibidil II agus i gCaibidil III déanfar na gníomhaíochtaí seo a leanas.

### A. Inbhuanaitheacht san oidhreacht chultúrtha

| |
|---|
| ***Ábhar:*** |
| Rialachas rannpháirteach |
| *Modhanna oibre:* |
| Gníomhaíocht phiarfhoghlama agus comhdháil á hóstáil ag an gCoimisiún ina diaidh |
| ***Réasúnaíocht:*** |
| Is cur chuige nuálach, dírithe ar dhaoine agus réamhbhreathnaitheach é rialachas rannpháirteach, lena dtugtar isteach fíorathrú ar an mbealach a ndéantar an oidhreacht chultúrtha a bhainistiú agus a luacháil. Mar thoradh ar ghrúpa MOC 'Rialachas rannpháirteach ar an oidhreacht chultúrtha' (2016/17) agus Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 déanfaidh saineolaithe dea-chleachtas a mhalartú trí phiarfhoghlaim agus pléifidh siad an bealach chun tacú le próisis rannpháirteacha. Ba cheart fios gnó Chomhairle na hEorpa a chur san áireamh i ndáil leis an 'gCoinbhinsiún maidir le Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (Coinbhinsiún Faro)'. |
| *Spriocthorthaí:* |
| Méadófar líonrú agus aistriú eolais sa réimse leis na gníomhaíochtaí agus cuideofar leo, san fhadtéarma, le rialachas rannpháirteach ar an oidhreacht chultúrtha a chothú. |

| |
|---|
| ***Ábhar:*** |
| Oiriúnú don athrú aeráide |
| ***Modhanna oibre:*** |
| Grúpa MOC, lena n-áirítear cleachtadh mapála |

***Réasúnaíocht:***

Maidir le 'Comhaontú Pháras' (2015) agus Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 13 na Náisiún Aontaithe faoi ghníomhú ar son na haeráide, déanfaidh saineolaithe dea-chleachtais agus bearta nuálacha don timpeallacht stairiúil maidir leis an athrú aeráide a aithint agus a mhalartú. Déanfar eolas ó thionscadail eolaíochta Fhís 2020 a roinnt agus déanfar fardal ar ghníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear an 'Staidéar ar an oidhreacht a choimirciú ar thubaistí' (2018). Ba cheart díriú go sonrach ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh stairiúil, ar dhearadh agus claochlú an tírdhreacha chultúrtha agus ar shábháilteacht na hoidhreachta i gcás aimsir chrua.

***Spriocthorthaí:***

Tiocfaidh ardú feasachta agus fothú acmhainní saineolaithe náisiúnta oidhreachta ar inbhuanaitheacht na hoidhreachta cultúrtha as an malartú. Rannchuideoidh a gcuid moltaí le pléití agus le pleanáil beart i gcoinne an athraithe aeráide ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta.

***Ábhar:***

Prionsabail cháilíochta le haghaidh idirghabhálacha oidhreachta cultúrtha

***Modhanna oibre:***

Ceardlann uachtaránachta agus gníomhaíocht phiarfhoghlama, agus obair leantach iomchuí

***Réasúnaíocht:***

Mar thoradh ar Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 agus ar ghrúpa MOC 'Scileanna, oiliúint agus aistriú eolais: gairmeacha traidisiúnta agus gairmeacha oidhreachta atá ag teacht chun cinn' (2017/2018), déanfaidh saineolaithe samplaí praiticiúla d'idirghabhálacha ar oidhreacht a mhalartú trí chistí an Aontais. De bhrí nach dtugtar aghaidh ar atógáil ná ar bharántúlacht i gcónaí mar is ceart, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh cinntí i ndáil le hathruithe ar an timpeallacht stairiúil bunaithe ar mheasúnú ceart ar na hiarmhairtí agus ar thuiscint cheart ar an luach oidhreachta.

***Spriocthorthaí:***

Is é is aidhm leis treoirlínte a fhorbairt lena rialófar an chéad ghlúin eile de chistí an Aontais, lena gcinnteofar prionsabail ar ardchaighdeán i dtaca le caomhnú agus le coimirciú san oidhreacht. Cuirfidh na saineolaithe anailís chuimsitheach agus moltaí ar fáil i ndáil leis na prionsabail ar ardchaighdeán atá le cur i bhfeidhm sna hidirghabhálacha go léir lena ndéanfar difear don timpeallacht stairiúil.

***Ábhar:***

Cistiú malartach don oidhreacht chultúrtha

***Modhanna oibre:***

Ceardlanna á n-óstáil ag an gCoimisiún

***Réasúnaíocht:***

Tá foinsí malartacha cistiúcháin á bhforbairt ó chomhpháirtithe poiblí/príobháideacha go rannpháirtíocht crannchur agus creidmheas cánach le haghaidh tabhartas mar gheall ar an mbrú láidir ar bhuiséid phoiblí a úsáidtear don oidhreacht chultúrtha. Déanfar scrúdú ar an ról atá ag fondúireachtaí freisin sa chomhthéacs seo.

***Spriocthorthaí:***

Is é an aidhm atá ann foinsí nua cistiúcháin don oidhreacht chultúrtha agus dea-chleachtais inaistrithe a aithint d'fhonn a hinbhuanaitheacht eacnamaíoch a chur chun cinn.

## B. Comhtháthú agus folláine

***Ábhar:***

An comhtháthú sóisialta

***Modhanna oibre:***

Grúpa MOC maille le comhdháil de chuid na hUachtaránachta

***Réasúnaíocht:***

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil ó ghrúpa MOC 'A mhéid a chuidíonn an cultúr le cuimsiú sóisialta a chothú' (2017/18), tabharfar sainordú nua do ghrúpa leantach MOC chun ábhair shonracha a bhfuil aird ar leith dlite dóibh a scrúdú ar bhealach níos doimhne, amhail an gá le cultúr a áireamh mar shaincheist chothrománach i réimsí an bheartais shóisialta, an bheartais sláinte agus i réimse na forbartha áitiúla, as a measc. Eagrófar comhdháil ina dhiaidh sin chun na torthaí a baineadh amach agus na léargais a fuarthas a scaipeadh. Má éilítear sin, ba cheart céimeanna breise a phlé ina dhiaidh sin.

***Spriocthorthaí:***

Is é an aidhm atá ann dea-chleachtais an chomhair trasearnála a bhfuil tionchar ábhartha sóisialta agus eacnamaíoch acu a aithint. Féachfar ar dheiseanna cistiúcháin faoi Chlár Eoraip na Cruthaitheachta agus faoi chláir ábhartha eile de chuid an Aontais.

***Ábhar:***

Ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta do chách

***Modhanna oibre**:*

Grúpa MOC maille le comhdháil arna hóstáil ag an Ostair agus conclúidí féideartha ón gComhairle

***Réasúnaíocht:***

Mar a meabhraíodh in 'Dearbhú Davos 2018: Ionsar *Baukultur* ardcháilíochta don Eoraip', bíonn ról lárnach ag an gcultúr sa timpeallacht a mhúnlaíonn an duine (lena n-áirítear an ailtireacht, an oidhreacht, an spás poiblí agus an tírdhreach). Má táthar le cur chuige comhtháite a fhorbairt a chuideoidh le folláine na saoránach uile, ní mór go mbeadh ann próisis chuimsitheacha nuálacha lena gcuirfear ar fáil agus lena gcaomhnófar ailtireacht ardcháilíochta. Cuirfear an bhéim ar an ailtireacht mar dhisciplín lena gcuimsítear an chothromaíocht chuí idir gnéithe cultúrtha, sóisialta, comhshaoil agus teicniúla don leas coiteann. Déanfar anailís ar mhúnlaí ildisciplíneacha agus rannpháirteacha don rialachas a chuidíonn leis an gcuimsiú sóisialta agus le forbairt inbhuanaithe comharsanachtaí.

***Spriocthorthaí:***

Is trínár dtaithí a roinnt le chéile agus cuntas a thabhairt ar mar a d'éirigh go geal linn a shainaithneofar an dea-chleachtas sna cúrsaí seo. D'fhéadfaí sineirgí a bhunú trí bhíthin na gCistí Struchtúrtha, tríd an gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach, agus tríd an gComhpháirtíocht nua maidir le Cultúr agus Oidhreacht Chultúrtha, trí Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, agus tríd an togra de chuid OECD maidir leis an táirgiúlacht réigiúnach agus folláine chultúr-threoraithe.

***Ábhar:***

An lucht éisteachta/féachana digiteach a thuiscint

***Modhanna oibre:***

Sainghrúpa faoi stiúir an Choimisiún

***Réasúnaíocht:***

Tugann na teicneolaíochtaí digiteacha caoi d'eagraíochtaí cultúrtha caidrimh idirghníomhacha a fhorbairt le dreamanna éagsúla. Ionas gur féidir teacht i dtír ar na deiseanna seo, ní mór do na heagraíochtaí sin tuiscint níos fearr a bheith acu ar an lucht éisteachta/féachana digiteach sin. Anuas ar obair an ghrúpa MOC (2015/16) agus ar na 'Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn agus béim ar leith ar fhorbairt an lucht éisteachta/féachana' (2017), déanfaidh sainghrúpa faoi stiúir an Choimisiúin uirlisí nuálacha a scrúdú agus treoirlínte a fhorbairt chun sonraí a thiomsú agus a bhainistiú faoin lucht éisteachta/féachana digiteach.

***Spriocthorthaí:***

Beidh treoirlínte deonacha ina n-údar inspioráide ag eagraíochtaí cultúrtha agus ina gcuidiú dóibh le teacht leis an timpeallacht shíorathraitheach dhigiteach. A bhuíochas leis an méadú atá tagtha ar sheirbhísí atá dírithe ar lucht a n-úsáide, beidh eagraíochtaí in ann a gcaidreamh a neartú lena lucht éisteachta/féachana reatha agus teacht ar lucht éisteachta/féachana nua.

***Ábhar:***

An ghlúin óg chruthaitheach

***Modhanna oibre:***

Comhdháil de chuid na hUachtaránachta maille le conclúidí féideartha ón gComhairle, agus plé ar an obair a leanfaidh an méid sin

***Réasúnaíocht:***

Agus oideachas i gcúrsaí cultúir agus sna healaíona á chur ar dhaoine óga, cothaíonn sin forbairt na scileanna cruthaitheacha agus na smaointeoireachta criticiúla iontu. Fágann an digitiú a mhúnla féin ar mhodhanna nua rochtana ar an gcultúr, ar an athchiallú pearsanta agus ar an bhféinléiriú, agus músclaíonn a leithéid an-suim i measc na n-óg go ndéanann lucht éisteachta/féachana gníomhach díobh. Tá méadú ag teacht ar an ngá atá le cur chuige níos straitéisí i dtaca le rannpháirtíocht na n-óg i gcúrsaí cultúir d'fhonn an chruthaitheacht a chothú iontu agus scileanna a fhorbairt ar den tábhacht iad don infhostaitheacht, don tsaoránacht ghníomhach agus don chuimsiú sóisialta ina measc.

***Spriocthorthaí:***

Beidh sé d'aidhm ag na moltaí beartais cruthaitheacht agus acmhainneacht nuálaíochta na n-óg a chothú sa ré dhigiteach.

***Ábhar:***

An tsaoránacht, luachanna, agus an daonlathas

***Modhanna oibre:***

Comhdháil de chuid na hUachtaránachta maille le staidéar

***Réasúnaíocht:***

Cothaíonn an rannpháirtíocht i gcúrsaí ealaíne agus cultúir an tsaoránacht ghníomhach, an oscailteacht, an fhiosracht, agus an smaointeoireacht chriticiúil, rudaí as a n-eascraíonn neartú an daonlathais. Sa staidéar, déanfar tionchar an chultúir ar na gnéithe sin a scrúdú agus samplaí de a thiomsú. Ba cheart foráil a dhéanamh don chomhar le Comhairle na hEorpa agus infheidhmeacht an 'Chreata táscaire maidir leis an gcultúr agus leis an daonlathas' s'aige i gcomhthéacs an Aontais a scrúdú.

***Spriocthorthaí:***

Beidh an staidéar sin ina chuidiú agus bearta beartais fianaisebhunaithe á gceapadh agus cruthóidh sé feasacht faoi thábhacht an chultúir don tsochaí agus don daonlathas.

## C. Éiceachóras a thacaíonn le healaíontóirí, le gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha agus le hábhar Eorpach

***Ábhar:***

Stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí, agus gairmithe cruthaitheacha agus cultúir

***Modhanna oibre:***

Staidéar maille le grúpa de chuid MOC

***Réasúnaíocht:***

Is ceart na nithe seo a leanas a scrúdú sa staidéar: gairmchonairí, lena n-áirítear an fhiontraíocht, cineál an ioncaim, tionchar an mhargaidh, rochtain ar mhaoiniú, slándáil shóisialta, agus an tsoghluaisteacht trasteorann. Ina dhiaidh sin, is ceart do cheann de na grúpaí MOC na torthaí a anailísiú, an dea-chleachtas a roinnt i measc na mBallstát, agus moltaí beartais a fhorbairt.

***Spriocthorthaí:***

Féachtar le feabhas a chur ar an eolas atá ann ar dhálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha san Eoraip agus comhairle beartais a aimsiú i dtaobh timpeallacht fhabhrach a dhearadh.

***Ábhar:***

An tsaoirse ealaíne

***Modhanna oibre:***

Ceardlann arna hóstú ag an gCoimisiún, maille le comhdháil a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile

***Réasúnaíocht:***

De réir 'Cairt um Cheart Bunúsacha an Aontais Eorpaigh' agus 'Coinbhinsiún UNESCO maidir le héagsúlacht léirithe cultúir a chosaint agus a chur chun cinn', is cuid lárnach í an tsaoirse ealaíne de gach sochaí dhaonlathach. Cuidíonn na healaíona linn an ceann is fearr a fháil ar chonstaicí a bhaineann le cine, creideamh, inscne, aois, náisiúntacht, cultúr agus féiniúlacht; tugann siad malairt dioscúrsa dúinn agus dúshlán an chinsil. Déanfar forbairtí agus dúshláin i dtaca leis an tsaoirse ealaíne a phlé.

***Spriocthorthaí:***

Féachtar le plé a dhéanamh ar an taithí shonrach a bhaineann leis an ábhar seo d'fhonn feasacht a mhúscailt ar a ábhartha atá sé.

***Ábhar:***

Comhléiriúcháin san earnáil chlosamhairc

***Modhanna oibre:***

Comhdháil de chuid na hUachtaránachta maille le conclúidí féideartha ón gComhairle, agus grúpa MOC

***Réasúnaíocht:***

De réir na Faireachlainne Eorpaí Closamhairc, freastalaíonn a thrí oiread daoine ar chomhléiriúcháin Eorpacha is a fhreastalaíonn ar scannáin de chuid an Bhallstáit féin. Cuidíonn comhléiriúcháin leis an earnáil san Eoraip í féin a mhéadú trína seasamh san Eoraip agus i gcuid de na croí-mhargaí idirnáisiúnta a neartú. Tá méadú ag teacht i gcaitheamh an ama ar an aird atáthar a dhíriú, faoi na cistí náisiúnta agus faoi chláir Eorpacha (amhail Eoraip na Cruthaitheachta, MEDIA agus EURIMAGES), ar an bpoitéinseal atá ag comhléiriúcháin – idir phríomhscannáin agus léiriúcháin don teilifís araon – lena n-áirítear comhléiriúchán agus comhfhorbairt dhéthaobhach i measc thíortha na hEorpa, mar aon le comhléiriúcháin le tíortha lasmuigh den Eoraip. Ba cheart, freisin, an acmhainneacht sin a fhiosrú maidir le forbairt luchtanna éisteachta/féachana éagsúla.

***Sprioctorthaí:***

D'fhonn comhléiriúcháin a spreagadh, déanfar moltaí beartais agus dreasachtaí a fhorbairt, i gcreataí dlíthiúla agus i scéimeanna tacaíochta closamhairc, i dtaca le comhléiriúcháin.

***Ábhar:***

An éagsúlacht agus an t-iomaíochas in earnáil an cheoil

***Modhanna oibre:***

Comhdhálacha de chuid na hUachtaránachta, ceardlanna arna n-óstáil ag an gCoimisiún agus conclúidí féideartha ón gComhairle

***Réasúnaíocht:***

I ngeall ar an aistriú digiteach, go háirithe teacht an tsruthaithe ceoil, mar aon leis an méadú atá tagtha ar an iomaíocht ó ghníomhaithe domhanda, tá athruithe bunúsacha tagtha ar an tslí a ndéantar an ceol a chruthú, a tháirgeadh, a sheinm, a dháileadh, a thomhailt, agus a mbaintear airgead as. Bunaithe ar ghníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs an tionscnaimh dar teideal *Music Moves Europe*, malartóidh lucht saineolais faisnéis le chéile faoi bheartais phoiblí d'fhonn soghluaisteacht lucht ealaíne a chothú agus d'fhonn cúrsaíocht an stóir ealaíne áitiúil a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den Eoraip.

***Sprioctorthaí***:

Féachtar leis an dea-chleachtas inaistrithe a shainaithint agus bearta beartais inbhuanaithe a phlé ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon.

***Ábhar:***

Cúrsaí ilteangachais agus aistriúcháin

***Modhanna oibre:***

Grúpa MOC maille le comhdháil de chuid na hUachtaránachta

***Réasúnaíocht**:*

Ó tharla gur timpeallacht ilteangach atá i gceist, tá ríthábhacht ag baint leis an aistriúchán agus rochtain níos fairsinge á tabhairt ar ábhar Eorpach. D'fhonn cur le héagsúlacht theangeolaíoch na hEorpa mar acmhainn, agus chun cúrsaíocht níos fearr a chothú do shaothair as an Eoraip, déanfar na sásraí tacaíochta atá ann faoi láthair don aistriúchán ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach a mheasúnú. Ó tharla tionchar nach beag a bheith ag an digitiú ar an éagsúlacht theangeolaíoch agus ar ghairm an aistriúcháin, tabharfar aghaidh freisin ar na riachtanais atá acu sa réimse sin.

***Spriocthorthaí:***

Déanfaidh lucht saineolais an dea-chleachtas a mhalartú maidir le tacaíocht a thabhairt don aistriúchán in earnáil na leabhar agus na foilsitheoireachta, agus in earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha eile, agus molfaidh siad bearta nithiúla faoi chlár Eoraip na Cruthaitheachta d'fhonn an éagsúlacht theangeolaíoch agus cúrsaíocht saothair a chur chun cinn.

***Ábhar:***

Maoiniú agus nuálaíocht

***Modhanna oibre**:*

Cruinniú neamhfhoirmiúil de chuid na n-airí cultúir maille le seimineáir bhreithniúcháin arna n-óstáil ag an gCoimisiún

***Réasúnaíocht:***

I bhfianaise na dtuarascálacha seo a leanas de chuid na ngrúpaí MOC – *Access to finance for cultural and creative sectors* (2014/15) [Rochtain ar mhaoiniú do na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha] agus *Developing entrepreneurial and innovation potential of the cultural and creative sectors* (2016/17) [Forbairt an phoitéinsil fiontraíochta agus nuálaíochta sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha] mar aon leis na 'Conclúidí ón gComhairle maidir le crosmhalartuithe ó earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh' (2015) […] – ní mór breithniú a dhéanamh chun cur chun feidhme na moltaí sin a mheasúnú.

***Spriocthorthaí:***

Déanfaidh lucht saineolais athbhreithniú ar ar cuireadh chun feidhme go nuige seo agus bearta a phlé i dtaca leis an obair a dhéanfar amach anseo ar an leibhéal Eorpach.

## D. An comhionannas inscne

| |
|---|
| ***Ábhar:*** |
| An comhionannas inscne sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheacha |
| ***Modhanna oibre:*** |
| An grúpa mapála agus MOC maille le conclúidí féideartha ón gComhairle |
| ***Réasúnaíocht:*** |
| Trí bhíthin mapáil arna déanamh ag an gCoimisiún, scrúdófar staid na n-ealaíontóirí agus na ngairmithe cultúrtha sin ar mná iad (e.g. steiréitíopaí agus ciapadh gnéasach a chomhrac, rochtain ar acmhainní, ionadaíocht i bpoist chinnteoireachta, pá). Go comhthreomhar leis an méid sin, malartóidh na Ballstáit faisnéis le chéile ar an staid reatha sna Ballstáit agus ar an dea-chleachtas. Déanfaidh an grúpa MOC na príomhchonstaicí a shainaithint agus tacar de ghníomhaíochtaí nithiúla a mholadh. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an Chomhairle conclúidí a ghlacadh ina ndíreofar ar a rogha cuspóirí agus gníomhartha. |
| ***Spriocthorthaí:*** |
| Féachfar le feasacht a mhúscailt maidir le comhionannas inscne in earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha ar leibhéal polaitiúil, ar leibhéal an riaracháin agus ar leibhéal praiticiúil, agus bearta nithiúla a mholadh faoi chlár Eoraip na Cruthaitheachta. |

## E. Caidreamh idirnáisiúnta agus cultúrtha

| |
|---|
| ***Ábhar:*** |
| Cur chuige straitéiseach i dtaca le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta an Aontais |
| ***Modhanna oibre:*** |
| Cruinnithe den Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha (CAC) agus/nó d'fhóraim iomchuí eile ina mbeidh SEGS agus oifigigh aireachtaí gnóthaí eachtracha agus aireachtaí ábhartha eile rannpháirteach, cruinnithe de shaineolaithe agus comhdháil de chuid na hUachtaránachta. |

***Réasúnaíocht:***

Chun cur leis an obair a rinne Cairde na hUachtaránachta (2017/18) ar an ábhar céanna, iarrfar ar an gComhairle freagairt don teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó SEGS dar teideal 'I dtreo straitéis de chuid an Aontais le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta' (2016), trí phrionsabail, cuspóirí agus tosaíochtaí comhchoiteanna, straitéiseacha a aithint i gcur chuige an Aontais, trí shoiléiriú a dhéanamh ar róil na ngníomhaithe lena mbaineann agus trí réimsí a mholadh inarbh ábhartha gníomhaíocht chomhpháirteach a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

***Spriocthorthaí:***

Agus aird á tabhairt ar chineál cothrománach an tasc seo, féachfar le lucht saineolais a thabhairt le chéile as earnálacha éagsúla (e.g., an cultúr, an t-oideachas, an imirce, gnóthaí eachtracha, an comhar um fhorbairt, custaim agus beartais fiontraíochta) chun cur chuige comhchoiteann straitéiseach a fhorbairt san Aontas maidir le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta, agus ina dhiaidh sin féachfar le gníomhaíochtaí nithiúla a chur chun feidhme.

## Tráthchlár táscach maidir leis an bPlean Oibre don Chultúr 2019-2022

| Tosaíocht | Ábhair | 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1ú leath | 2ú leath | 1ú leath | 2ú leath | 1ú leath | 2ú leath | 1ú leath | 2ú leath |
| A. An inbhuanaitheacht san oidhreacht chultúrtha | An rialachas rannpháirteach | an phiarfhoghlaim | | comhdháil | | | | | |
| | Oiriúnú don athrú aeráide | | | | | Grúpa MOC | | | |
| | Prionsabail cháilíochta | Ceardlann arna n-óstáil ag an Uachtaránacht | an phiarfhoghlaim | | | | | | |
| | Maoiniú malartach | | | ceardlann | | ceardlann | | | |
| B. Comhtháthú agus folláine | An comhtháthú sóisialta | scrúdúchán Tuarascáil ón ngrúpa MOC 2017/18 | Grúpa MOC | | | scrúdúchán Tuarascáil ón ngrúpa MOC, Comhdháil arna n-óstáil ag an Uachtaránacht | | | |
| | Ailtireacht agus timpeallacht thógtha ar ardcháilíocht | | | Grúpa MOC | | | comhdháil | Conclúidí féideartha ón gComhairle | |
| | An lucht éisteachta/féachana digiteach a thuiscint | | | | | Sainghrúpa faoi stiúir an Choimisiúin | | | Tuarascáil ón saineolaí scrúdúcháin |
| | An ghlúin óg chruthaitheach | Comhdháil fhéideartha de chuid na hUachtaránachta Conclúidí ón gComhairle | | | | | | | |
| | An tsaoránacht, luachanna, agus an daonlathas | | Comhdháil arna n-óstáil ag an Uachtaránacht | | staidéar | | | | |
| C. Éiceachóras a chuidíonn le healaíontóirí, le gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha agus le hábhar | Stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí | | staidéar | | | | Grúpa MOC | | |
| | An tsaoirse ealaíne | | | ceardlann | | comhdháil fhéideartha | | | |
| | Comhléiriúcháin chlosamhairc | Comhdháil fhéideartha de chuid na hUachtaránachta Conclúidí ón gComhairle | Grúpa MOC | | | scrúdúchán Tuarascáil ón ngrúpa MOC, | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eorpach | Ceol | Comhdháil arna n-óstáil ag an Uachtaránacht | | ceardlann | ceardlann | Comhdháil fhéideartha de chuid na hUachtaránachta Conclúidí ón gComhairle | | | |
| | An t-ilteangachais agus an t-aistriúchán | | | Grúpa MOC | | | scrúdúchán Tuarascáil ón ngrúpa MOC, | Comhdháil arna n-óstáil ag an Uachtaránacht | |
| | Maoiniú agus nuálaíocht | Cruinniú neamhfhoirmiúil de chuid na n-airí cultúir | seimineár breithniúcháin | | seimineár breithniúcháin | | | | |
| D. Comhionannas inscne | Comhionannas inscne | Grúpa mapála agus MOC | | | scrúdúchán Tuarascáil fhéideartha ón ngrúpa MOC Conclúidí ón gComhairle | | | | |
| E. Caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta | Cur chuige straitéiseach | | cur chuige straitéiseach a ghlacadh | | | | Comhdháil arna n-óstáil ag an Uachtaránacht | | |

## Prionsabail a bhaineann leis na grúpaí MOC a bhunaigh na Ballstáit faoi chuimsiú an Phlean Oibre don Chultúr 2019-2022

### Ballraíocht

- Is ar bhonn deonach a bheidh na Ballstáit rannpháirteach san obair a dhéanfaidh na grúpaí MOC agus féadfaidh na Ballstáit páirt a ghlacadh ann tráth ar bith.
- Na Ballstáit sin ar suim leo a bheith rannpháirteach, ainmneoidh siad saineolaithe ina mbaill de ghrúpa MOC. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh taithí phraiticiúil sa réimse ábhartha, ar an leibhéal náisiúnta, ag na saineolaithe a ainmneoidh siad. Beidh na saineolaithe a ainmneofar tiomanta don chumarsáid éifeachtach leis na húdaráis inniúla náisiúnta. Is é an Coimisiún a chomhordóidh an fheidhm ainmniúcháin.
- Tá sé faoi gach grúpa MOC é féin cuireadh a chur ar shaineolaithe neamhspleácha, ar ionadaithe ón tsochaí shibhialta, agus ar ionadaithe ó thríú tíortha san Eoraip lámh a bheith acu san obair. Féadfar na rannpháirtithe sin a chur ar an ngrúpa MOC ar feadh iomlán na tréimhse oibre faoi réir an cheanglais nach mór don ghrúpa MOC a mballraíocht a fhormheas d'aon ghuth.

### Sainordú

- Déanfar sainordú gach grúpa MOC a thabhairt chun críche ag cruinniú de chuid an Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha bunaithe ar dhréacht-sainordú arna mholadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le Caibidil IV.

### Nósanna imeachta oibre

- Díreoidh na grúpaí MOC ar thorthaí nithiúla inúsáide a sholáthar i dtaca leis an méid a iarradh.
- Déanfaidh gach grúpa MOC a sceideal oibre a leagan amach de réir an Phlean Oibre seo don Chultúr.
- Beidh gach grúpa MOC freagrach as cathaoirleach nó comhchathaoirligh a cheapadh ag an gcéad chruinniú dá chuid.
- Cuirfidh an Coimisiún saineolas agus tacaíocht lóistíochta ar fáil i dtaca leis an obair a dhéanfaidh na grúpaí MOC. A mhéid is féidir, tabharfaidh sé tacaíocht do na grúpaí MOC trí bhealaí oiriúnacha eile (lena n-áirítear trí staidéar is ábhartha dá réimse oibre).
- D'fhonn tacú le malartú an dea-chleachtais, féadfar cruinnithe de chuid na ngrúpaí MOC, lena n-áirítear cuairteanna staidéir, a ghairm ar a iarraidh sin don Bhallstát.

**Tuairisciú agus Faisnéis**

- Cuirfidh cathaoirligh na ngrúpaí MOC tuairiscí chuig an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha maidir leis an dul chun cinn a rinneadh agus na spriocanna a baineadh amach. Más iomchuí, cuirfidh an Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha tuilleadh treorach ar fáil do na grúpaí MOC d'fhonn a áirithiú go mbainfear amach an toradh is inmhianta laistigh den tréimhse ama is inmhianta.
- Beidh fáil ag gach Ballstát ar chláir oibre agus ar mhiontuairiscí chruinnithe na ngrúpaí MOC gan beann ar leibhéal na rannpháirtíochta acu.
- Foilseofar tuarascálacha deiridh na ngrúpaí MOC; is ceart don Choimisiún achoimrí feidhmeacha a chur ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

**IARSCRÍBHINN I**

**Na príomhthagairtí polaitiúla**[4]

- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Clár Oibre Eorpach Nua don Chultúr an 22 Bealtaine 2018 (COM (2018) 267 final)
- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre don Chultúr 2015-2018 (IO C 463, 23.12.2014, lch. 4) agus na Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena leasaítear an Plean Oibre don Chultúr (2015-2018) i dtaca le tábhacht an phlé idirchultúrtha (IO C 417, 15.12.2015, lch. 44)
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 14 Nollaig 2017 (EUCO 19/1/2017 REV 1)
- Leagan comhdhlúite den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus aird ar leith á tabhairt ar Airteagal 8, Airteagal 10 agus Airteagal 167 CFAE (IO C 326, 26.10.2012, lch. 13-390)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige straitéiseach AE i ndáil le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta (IO C 189, 15.6.2017, lch. 38–39)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le crosmhalartuithe ó earnáil an chultúir agus ó earnáil na cruthaitheachta chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh (IO C 172, 27.5.2015, lch. 13)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Rialachas Cultúir (IO C 393, 19.12.2012, lch. 8)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn agus béim ar leith ar fhorbairt an lucht éisteachta/féachana (IO C 425, 12.12.2017, lch. 4)
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngá atá leis an oidhreacht chultúrtha a thabhairt chun cinn sna beartais san Aontas (IO C 196, 8.6.2018, lch. 20)
- Moladh ó Choiste na nAirí (Comhairle na hEorpa) chuig na Ballstáit maidir leis an gcomhionannas inscne san earnáil chlosamhairc (CM/Rec(2017)9)
- Díospóireacht faoi chúrsaí oideachais agus cultúir faoi Chlár na gCeannairí ar an 17 Samhain 2017 in Göteborg lena n-airítear an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Strengthening European Identity through Education and Culture* [An Fhéiniúlacht Eorpach a neartú trí Oideachas agus Cultúr] (COM(2017) 673 final)
- Cinneadh (AE) 2017/864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018, IO L 131, 20.5.2017, lch. 1)

---

[4] (in ord aibítre)

- Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí: 'I dtreo Straitéis de chuid an Aontais le haghaidh Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta' (JOIN(2016) 29 final)
- Rialachán (CE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014-2020) (IO L 347, 20.12.2013, lch. 221) agus Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár "Eoraip na Cruthaitheachta" don tréimhse 2021-2027 (COM(2018) 366 final)
- Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme agus ábharthacht Phlean Oibre 2015-18 don Chultúr
- Tuarascáil ó Chairde na hUachtaránachta maidir le gnéithe áirithe de chuid chur chuige straitéiseach an Aontais feasta i ndáil leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta (9952/18)
- Dearbhú na Róimhe 25 Márta 2017
- Coinbhinsiún UNESCO maidir le héagsúlacht léirithe cultúir a chosaint agus a chur chun cinn (2005)
- UNESCO: Beartais Chultúir: Múnlú|Athmhúnlú. An chruthaitheacht a chothú ar son na forbartha. Tuarascáil Dhomhanda Choinbhinsiún na bliana 2005 (2018)
- Rún ó na Náisiúin Aontaithe *Transforming our world: Agenda for Sustainable Development* [I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] (2015)

---